Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoil uile um Oideachais Gaeltachta

Coláiste na bPiarsach

Ros Muc

Co. na Gaillimhe

71380N

Treimhse feidhme:2017-2022

Ráiteas Misean

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár noidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Spriocanna feabhsúcháin:

1. Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama , seachas an Béarla , trí Ghaeilge.
2. Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge.
3. Cainteoirí agus scríbhneoirí éiseamláireach, féinmhuiníneach Gaeilge a chur ar fáil do saol oibre na Gaeilge agus Gaeltachta.

Comhthéacs na Scoile:

1.Stair Achomair an Choláiste

Suite os comhair Theach an Phiarsaigh, ar bhruach Loch Oiriúlach, tá Coláiste na bPiarsach lonnaithe i gcroílár na Gaeltachta suite i limistéar teanga Catagóir A. Osclaíodh an scoil seo sna 1930idí agus ó shin i leith tá sí ag soláthar oideachais den scoth do dhaoine óga an cheantair.Cuirtear curaclam leathan ar fáil do na scoláirí sa Sraith Shóisearach agus san Ardteistiméireacht maraon le Clár an Teastas Shóisearaigh agus Gairmchlár na hArdteiste.Anuas air sin, tá roinnt tacaíochtaí bhreise ar fáil don scoilphobal ar nós Comhairleoireacht Gairme,Clár Criochniú Scoile agus Múinteoir Teagmhalaí Baile.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga na scoile agus cuirtear béim faoi leith ar chaomhnú na Gaeilge, ar an gcultúr agus ar an seanchas áitiúil. Tá sé mar chuspóir sa scoil ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh, a láidriú agus a chaomhnú i gcónaí ar chuile bhealach. Bíonn an-chomhoibriú idir múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí chun cuspóirí na scoile a chur i gcrích. Mar thoradh air seo, bíonn caidreamh maith idir scoláirí agus foireann na scoile araon agus sár-atmaisféar le sonrú i dtimpeallacht na scoile.

2. Suíomh, Scoilcheantar, Scoileanna Friothálacha, Scoileanna Dara Leibhéal in aice láimhe

Tá an scoil lonnaithe i Ros Muc, Co. na Gaillimhe.Tá an scoil féin suite i scoilcheantar amháin. Is iad Scoilphobal Charna agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua na scoileanna dara leibhéal eile in aice láimhe. Go ginearalta, freastalann scoláirí bunscoile óna scoileanna náisiúnta seo a leanas ar Choláiste na bPiarsach:

- Scoil Náisiúnta Leitir Mucú(dúnta anois)
- Scoil Náisiúnta Chamuis
- Scoil Náisiúnta an Ghoirt Mhóir, Ros Muc
- Scoil Náisiúnta Mhuire, Ros Muc
- Scoil Náisiúnta Cill Chiaráin
- Freastalann scoláirí ar an gColáiste seo ó am go chéile ó bhunscoileanna eile.

3. Struchtúr Bainistíochta agus Próisis Chinnteoireachta an Choláiste

- Is é Peadar ó Loideain Príomhoide an Choláiste agus is é Feilm Ó Neachtain an leas-Príomhoide. Tá post amháin le dualgáisí speisialta ag an scoil agus é sin ag Bridie Uí Chónamha. Is é Briain ó hAinní an Comhordaitheoir cláir. Tá Tomás ó Niaidh ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na scoile le linn na scoilbhliain 2017-18.

4. Achoimre ar an bhFoireann Teagaisc agus eile

Líon na múinteoirí:	13(8 baineann/5 fireann)
Líon na múinteoirí buana lán-aimseartha:	12
Líon na múinteoirí páirtaimseartha:	1
Rúnaí:	1/2
Freastalaí:	1/2
Glantóir:	10 n-uaire sa tSeachtain

5. Próifíl na nDaltaí(Cainteoirí dúcháis idir Iúibiní)

Bliainghrúpa	Iomlán	Buachaillí	Cailíní
An Chéad Bhliain	13(13)	7	6
An Dara Bliain	17(17)	9	8
An Tríú Bliain	13(13)	6	7
An Idirbhliain			
An Cúigiú Bliain – An Ardteistiméireacht	14(13)	8	6
An Séú Bliain – An Ardteistiméireacht	20(20)	4	16
Iomlán	77(76)	34	43

6.Rollú na Scoile – Le deich mbliana anuas

Bliain	Rollú
2008/2009	50
2009/2010	69
2010/2011	74
2011/2012	85
2012/2013	98
2013/2014	87
2014/2015	83
2015/2016	82
2016/2017	83
2017/2018	77

7. Leagan amach fo-choiste pleanáil teanga Choláiste na bPiarsach

• Peadar ó Loideain	Priomhoide
• Tomás ó Niaidh	Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta Cathaoirleach an fo-choiste pleanála
• Eoin Ó Mainín	Ball foirne agus ball de choiste pleanáil teanga Chonamara Láir
• Máire Uí Mhúrchú	Ball foirne Saineolaí teanga
• Nóra Uí Shuilleabháin	Cathaoirleach Coiste na dtuismitheoirí
• Máirin Uí Niaidh	Ball de Choiste na dtuismitheoirí Breacadh
• Ríona de Búrca	Comhairle na scoláirí
• Caitín Uí Fhátharta	Nascmhúinteoir Pleanáil teanga na scoile

8.Achoimre ar chúrsaí teangan i gColáiste na bPiarsach

- 77 gasúir ar scoil. Gaeilge ó dhúcháis ag chuile dhuine ach duine amháin. Éisean ag fáil tacaíocht foghlamtha cuimsitheach sa teanga. Déanadh iarratas ar Mhuintearas anruaidh faoi scéim na gcúntóirí teanga. Níor fuaireadh aon chúnamh.
- Roinnt dár gcuid tuismitheoirí nach bhfuil gaeilge ó dhúchás acu.
- Is cainteoirí ó dhúcháis nó gaeilgeoirí ar ard chumais ár gcuid múinteoirí ar fad.

9.Iniúchadh agus taigdhe a déanadh agus an scoil i mbun dréachtú an Phlean Gníomhaiochta

- Sula léirigh an scoil speis a bheith aitheanta mar scoil gaeltachta bhí roinnt plé againn leis an gcoiste pleanáil teanga áitúil. D'eagraigh an coiste pleanáil teanga áitúil cruinniú idir foireann teagaisc Choláiste na bPiarsach agus Scoil Phobal Mhic Dara, Carna chun cúrsaí teanga a chíoradh agus a phlé.
- Ag teacht as sin, cuireadh le chéile fo-choiste pleanála teanga (Sonraí luaite thuas)
- Bailiú eolais i gcóir an Plean Gníomhaíochta
    a. As an bplé sin, cuireadh suirbhé chuimsitheach le chéile ar suirbhé moncaí agus déanadh é sin le gasúir na scoile ag deiradh mhí an Aibréain, 2017. Cuireadh na tuismitheoirí ar an eolas faoin suirbhé seo. Déanadh an suirbhé chéanna le scoláirí nua na scoile roimh briseadh na Samhna, 2017. Déanadh anailís SWOT le na múinteoirí i dtaobh cúrsaí múineadh na gaeilge agus iompar teanga go ginearalta timpeall na scoile. Bailíodh eolas ó thuismitheoirí na scoile thríd na suirbhéanna a ndearna Coiste Pleanáil Teanga Chonamara Láir.Bhí an Polasaí Oideachais Gaeltachta mar mhír ar chruinníthe foirne, coiste tuismitheoirí, comhairle na scolairí agus Bord bainistíochta le bliain anuas.
    b. Cuireadh tástál litearthacht Gaeilge Dhroim Conrach ar scoláirí bhliain 2 agus cuireadh é i gcomparáid le na torthaí na dtástálacha a thagann isteach leo ón mbunscoil.
    c. Breathnaíodh ar thorthaí scruduithe scoile agus stáit maraon as aiseolas ó mhúinteoiri i dtaobh torthaí scruduithe tí.
    d. Bainfear feidhm chomh maith as moltaí chigireachtaí ábhar agus uile scoile i dtaobh an ghaeilge agus an múineadh go ginearalta.
- Foilsiúcháin a déanadh staidéar orthu le linn an reamhobair:
    a. An Polasaí don Oideachais Gaeltachta 2017-2022
    b. Imlitir 34/2017 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022Ag Breathnú ar an scoil againn: Creat Cáilíochta do Iarbhunscoileanna 2016
    c. Dréacht Phlean Teanga Chonamara Láir
    d. Nóta Treorach do Scoileanna: An tAonad um Oideachas Gaeltachta
    e. I dtreo barr feabhais: Dea-Chleachtais san Oideachas lán-Ghaeilge: T.J. ó Ceallaigh & Aoife Ní Shéaghdha
    f. An Tumoideachas: Bua nó Dua: Páipéir roghniathe ón gCéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas 2015
    g. Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: Seosamh MacDonnacha 2004
    h. Straitéis Óige don Ghaeltacht: Muintearas
    i. Gaeloideachas: Tuarascáil Bhliantúil 2017
- Aguisín 1: Príomhthorthaí suirbhé le scoláirí na scoile

Spriocanna ginearálta:

1. Go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc na scoile. (Critéir 1,2,3,4,5,6,7,11)
2. Na foghlaimeoirí a chur chun cinn ó thaobh cúrsaí teangan di ar bhealach cruthaitheach, spraoiúil. (Critéir 1,2,3,4, 5, 6, 7)
3. Cainteoirí agus scríbhneoirí féinmhuiníneach barr feabhais a sholáthar do thodhchaí na Gaeltachta agus an Ghaeilge. (Critéir 7,8,9)
4. Ardú meanma agus feasacht i dtaobh an ghaeilge a mhéadú i measc tuismitheoirí agus pobal ghinearalta an cheantair. (Critéir 3, 9,10)

Gníomhartha a bhaineann le sain-spriocanna:
Leag amach go hachomair na sainghníomhartha atá molta ar mhaithe leis na spriocanna ginearálta thuas a bhaint amach. *Is féidir tuilleadh sraitheanna a chóipeáil agus a ghreamú isteach thíos nó ar an leathanach thall más gá. Ba chóir tagairt do na critéir theanga-bhunaithe atá ar fáil in Imlitir 0033/2017.*

Sain-spriocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna	Critéir ratha*	Cé?	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?
Sprioc ghinearálta 1: Go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc na scoile. (Critéir 1,2,3,5,6, 7,11)						
• **Áiseanna teagasc de ardchaighdéan a chur ar fáil.**	1. Leabharliosta de leabhair teagaisc agus áiseanna ar-líne cuí a chur ar fáil do fhoireann teagasc na scoile 2. Bearnaí san foilseacháin thuasluaite a aithint		1. An Nascmhúinteoir 2. Múinteoirí ranga	1 Bainistíocht na scoile 2 Nascmhúinteoir	1. Faoi dheireadh scoilbhliain 2017/18 2. Faoi dheireadh scoilbhliain 2017/18	1.Leabhar liosta Chogg, an Gúm, agus Comhlachtaí foilsitheoireacht eile. 2.Foilseacháin thuas luaite

	3. Áiseanna teagasc a fhorbairt i bhfoirm Microsoft One Note		3. Múinteoirí ranga	3 Bainistíocht na scoile	3. Leanúnach Athbhreithniú cleachais oibre ag deireadh bliain 1,3 agus 5 den phlean.	3.a.Traenáil bhreise ar One Note ó H2Learning b.Tacaíocht ó Chogg agus ó Bhord Oideachas agus Oiliúna Gaillimh & Ros Comáin
• **Nasc idir scoileanna a fhorbáirt**	1. Forúm oideachais a bhunú idir luathoideachais, bunoideachais agus Iarbhunoideachais an cheantair.		1. Stiúrthóir naíonra, Príomhoidí bunscoileanna agus méan scoile	1. Stiúrthóir naíonra, Príomhoidí bunscoileanna agus méan scoile.	1. Faoi dhó sa bhliain	1. Ionad cruinníthe
• **Traenáil chuí a bheith ar fáil don bhfoireann teagasic**	1. Clár forbairt gairme le n-aontú leis an bhfoireann 2. Múinteoirí a mhealladh i dtreo cúrsaí cruinneas teanga		1. Foireann na scoile 2. Múinteoirí ranga	1. Aonad Gaeilge na Roinne 2. Bord Bainistíocht na scoile/Bord Oideachais agus Oilúna Gaillimh & Roscomáin	1.Tús an scoilbhlain 2017/18 2. Roimh dheireadh na cúig bhliana den phlean seo go mbeidh an foireann teagasc ar fad tar éis freastal ar chúrsa	1.Costas Ionadaíochta 2. Maoiniú ó ranna stáit i dtreo an cúrsaí seo i Acadamh na hOllscolaíochta, Gaillimh.

	3. Clár mentóireacht a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint. 4. Freastal ar Comhdhálacha Gaelscoileanna		3. Múinteoir ábhar 4. Múinteoir ranga ar iarratas	3.Bainistíocht na scoile 4.Bainistíocht na scoile	3. Ag tús an scoilbhliain agus leanúnach le linn an treimhse traenála. 4. Go Bliantúil	3.Gan costas 4. Costais Ionadaíochta

Sprioc ghinearálta 2: Na foghlaimeoirí a chur chun cinn ó thaobh cúrsaí teangan di ar bhealach cruthaitheach, spraoiúil. (Critéir 1,2,3,4, 5, 6, 7)						
• **Imeachtaí a chur ar fáil a thacóidh leis an bhfoghlaim sa rang agus dhéanfas forbairt ar chumas teanga labhartha na scoláirí**	1. a.Seachtain na Gaeilge b.An Gaelbhratach c.An Banda rosta Gaelach d.Comórtas díospóireacht Ghael-linn e. Comórtas siansa Ghael-linn f. Comórtas Scléip Ghael-linn g. Nasc a chruthú le Gaelcholáistí eile h. Comórtas Scríbhneoireacht agus Filíocht i. Oíche Chultúrtha j. Carúl na Nollag		1. Múinteoirí ranga	1. Bainistíocht na scoile agus an nascmhúinteoir	1. Go Bliantúil	1. a.Tacaíocht ó Timire Gaeilge Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh & Roc Comáin b. Costas cuairt ó filí agus scribhneoirí iomráiteach.
• **Dea-iompar teanga a chur chun cinn i measc na scoláirí**	1. Corn na bPiarsach(Bronnta ag searmanas na nduaiseanna deireadh bliana ar an scoláirí a chuireann an gaeilge chun cinn sa scoil). 2. Luach saothair don rang de réir iompar ranga ag deireadh chuile téarma. Déanta thríd córas poinntí ar Vsware.		1. Múinteoirí ranga 2. Múinteoirí ranga	1. Bainistíocht na scoile 2. Bainistíocht na scoile	1. Searmanas bronnta deireadh bliana 2. Deireadh gach téarma	1. Corn le fáil(in áit chéanna féin) 2. a. Córas teicnolaiocht Vsware. b. Déarbhán 500 euro

• **Ábhar leitheoireacht i nGaeilge le cur ar fáil dár scoilphobal**	3. Polasaí úsáide na Gaeilge a dhréachtú. 1. a.Leabharliosta le cur ar fáil de leabhair na leabharlanna do scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí na scoile(le cur ar an suíomh idirlíon chomh maith) b.Bosca leabhair le fagáil i ngach rang. c. Ciorcal leitheoireacht d. Leag uait agus léamh		3. Fo-choiste Pleanáil teanga na scoile 1. An Nascmhúinteoir	3. Bord Bainistíochta 1. Bainistíocht na scoile	3. Tús scoilbhliain 2017/18 1. Roimh deireadh an scoilbhliain 2017/18 agus go leanúnach nuair is gá.	3. Gan costas 1. Tacaíocht ó Aonad Gaeilge na Roinne agus an Timire Gaeilge

<u>Sprioc ghinearálta 3: Cainteoirí agus scríbhneoirí féinmhuiníneach barr feabhais a sholáthar do thodhchaí na Gaeltachta agus Gaeilge.(Critéir 7,8,9</u>)						
• **Barr feabhais teanga a bhaint amach sa rang bunaithe ar chumas**	1. a. Diriú ar ngramadach agus tréith na scribhneoireacht sa chéad téarma san ábhar Gaeilge chuile scoilbhliain. b. Straitéisí ranga forbartha ag múinteoirí chun na príomhbhotúin sa Ghaeilge a cheartú – díriú ar bhotún amháin gach seachtain, gach mí. c. Staitéisí ceartaithe a athrú, féincheartú, piar-cheartú, marcanna breise do Ghaeilge chruinn in áistí staire, i dtioncadail Eolaíochta srl d. Modh múinte difrealú a n-úsáid ins na ranganna. e. Comórtas litriú ins an ábhar gaeilge ó bhlain 1-5. f. Comórtas aistriúcháin bliain 4-5. g. Teastas Eorpach Gaeilge le baint amach ag scoláirí bliain 4.		1. Múinteoirí ranga agus an nascmhúinteoir.	1.Bainistíocht na scoile	1.Leanúnach	1. a.Costas Teastas Eorpach na Gaeilge agus dearbháin do dhuaiseanna. b. Postaeir agus leabhair eochairfhocail

	h. Múinteoirí ins na ábhair eile ag piocadh amach gné amháin den teanga a bhéas le cur i bhfeidhm mar chuid dá bpleanáil teanga:msh Múinteoir adhmadóireacht ag usáid an gnáthchaite mar chuid nadúrtha dá rang. i. Diriú ar liosta eochairfhocail comónta don ábhar 2. Sonraíocht T1 a chur i bhfeidhm sa nGaeilge don Teastas shóisearach. 3. Meadú de 20%(beirt le cos i mbliain na hArdetiste ag gnóthachtáil H1 sa nGaeilge. *Nóta: ag brath ar abáltacht an rang. 4. Scéim na gcuntóirí teanga		2. Múinteoirí gaeilge 3. Múinteoirí ranga 4. Cuntóir teanga	2.Bainistíocht na scoile 3.Bainistíocht na scoile 4.Muintearas	2. Ó Méan fómhair 2017 ar aghaidh 3. Faoi scrudú na hArdteiste 2022 4. Leanúnach agus nuair is gá	2. Costais forbairt gairime 3. Gan costas 4. Gan costas ó thaobh na scoile di

• **An Ghaeilge a chuir chun cinn mar theanga an tsóisialaigh sa scoil.**	1. Tearmaíocht a bhaineann leis na méain shóísialta a mhúineadh sa rang. 2. Aip scoile a fhorbairt bunaithe ar na téarmaí seo. A bheith mar chuid do iarratas na scoile do Chomórtas Eolaí Óg na hÉireann 2018. 3. Club Gaeilge a bhunaigh sa scoil leis na mbunracht seo a leanas: a. Imeachtaí tarraingteach a chur ar fáil i ngaeilge ag an mbriseadh do scoláirí. b. Ceangal a chothú leis na mbunscoileanna chun an sprioc céanna a chur i bhfeidhm ansin. c. Ceangal idirlíon le scoileanna eile.		1. Múinteoirí ranga 2. Múinteoir BTYS agus scoláirí bliain 4 3. Scoláirí na scoile	1. Nascmhúinteoir agus bainistíocht na scoile 2. Múinteoir BTYS agus Ollscoil na hEIreann, Gaillimh 3. An Nascmhúinteoir	1. Téarma 1 chuile bhliain mar chuid de obair ghramadaí/stór focal 2. Éanair 2019 3. Méan fómhair 2018	1. Gan costas 2. Costas dearadh aip 3. Gan costas

	4. Mór-imeacht sóisialta a eagrú leis an bpobalscoil i gCarna.		4. Na Nascmhúinteoirí	4. Bainistíocht an dá scoil.	4. Aibréan 2019	4. Sóláistí agus costas aoíanna meastúchán 1000 euro

Sprioc ghinearálta 4: Ardú meanma agus feasacht i dtaobh an ghaeilge a mhéadú i measc tuismitheoirí agus pobal ghinearálta an cheantair. (Cr 3, 9,10)						
• **Buntáistí i leith an tumoideachais a chur i iúl do thuismitheoirí agus an scoilphobal go ginearalta.**	1. a. Bileog eolais a ullmhú agus a sheoladh chuig tuismitheoirí. b. Aoi-chaimteoirí ó shaol na Gaeilge a thabhairt chuig na scoile. 2. Stair cultúrtha agus ginealach an cheantair a bhailiú. 3. Lá gairme do scoláirí Chonamara láir le n-eagrú. 4. Scéim scoláireachtaí do scoláirí ó scoileanna eile.		1. Coiste na dtuismitheoirí agus an Nascmhúinteoir. 2. Scoláirí na scoile 3. Gairmtreoraí agus Múinteoir Teagmhalaí baile. 4. Bainistíocht na scoile	1. Bainistíocht na scoile 2. An Nascmhúinteoir 3. Bainistíocht na scoile 4. Roinn na Gaeltachta le tacaíocht ó BOOG&R	1. Ullmhaithe roimh dheireadh an scoilbhliain 2017/18. 2. Tosnú ag tús an scoilbhliain 2017/18.Criochnaithe faoi bliain 3. 3. Eanáir 2019 4. Iarratas bunaithe ar thacaíocht le fáil faoi bliain 3 den phlean seo.	1. Paipéar 3.Tacaíocht ó Udáras na Gaeltachta/Gnólachtaí áitúla/BOOG&R 4. Cúig Scoláireacht ar phraghas meastúchan 5000 euro an ceann.

	5. Ceangal a chothú le príomheagrais na Gaeilge i gConamara: a. RnaG b. TG4 c. Europus d. An tAcadamh e. Telegael f. Comisinéir teanga g. Fibín 6. Poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí na scoile thríd: a.Na méain áitiúla b. Nuachtlitir na scoile c. Suíomh idirlíon d. Lth. Facebook na scoile		5. An Nascmhúinteoir 6. An Nascmhúinteoir Múinteoirí ranga	5. Bainistíocht na scoile 6. Bainistíocht na scoile	5. Faoi dheireadh an scoilbhliain 2018/19 6. Nuair is gá	5. Gan costas. Líonra a fhorbairt. 6.Gan costas. In áit chéanna féin.

Monatóireacht:

Déanfar montóireacht rialta ag an bPlean seo ag ocáidí eagsúla le linn an treimshe feidhme.

- Beidh cur i bhfeidhm an Phlean agus na h-eilimintí difriúla ina thaobh mar mhír cainte agus iniúchadh ag na cruinníthe seo leanas:
  a. Cruinníthe foirne(5 uair sa bhliain)
  b. Cruinníthe Bord Bainistíochta(5 uair sa bhliain)
  c. Cruinníthe Chomhairle na Scoláirí(4 uair sa bhliain)
  d. Cruinníthe Choiste na dtuismitheoirí(4 uair sa bhliain)
  e. Cruinníthe forúm oideachais an cheantair(2 uair sa bhliain)
  f. Cruinníthe le oifigí pleanála teanga Chonamara láir(má dhéantar faomhadh ar an ghné sin dá bplean siúd)

  (Foilseofar na dátaí úd ar suíomh idirlíon na scoile ag tús chuile scoilbhliain)

- Fócas ghrúpa de scoláirí agus tuismitheoirí randamacha ag deireadh an scoilbhliain agus roimh an cruinniú dheirneach foirne/Bord Bainistíochta áit a ndéanfar athbhreithniú ar dul chun cinn an Phlean.
- Seisiúin athbhreithnithe i ndiaidh don scoil ocáid/imeacht/comórtas a éagrú.
- Focús ag cruinníthe foirne/Bord Bainistíocht ar ghnóthachtáil scruduithe go h-airíthe Gaeilge sna scruduithe stáit ó thaobh leibhéal na H1 ag an Ardteistimeireachta agus A ag leibhéal an teastas shóisearaigh.
- Bileoga eischothú múinteora roimh an dáta athbhreithnithe ag deireadh an scoilbhliain ag diriú isteach ar na gnéithe seo a leanas:
  a. Teagasc agus foghlaim sa rang:
     1. Áiseanna teagaisc faoi láthair agus forbairt áiseanna bhreise.
     2. Dul chun cinn caighdéan labhartha agus scríbhneoireacht na scoláirí i nGaeilge sna ábhair ar leith.
     3. Meon na múinteoirí ábhair nach gaeilge é a bhéas ó thaobh an ról sa bhreis atá anois acu mar mhúinteoirí teanga.
     4. An bhfuil dea-chleachtais teagasc agus foghlamtha a roinnt idir ábhair agus idir scoileanna?
     5. Dul chun cinn na múinteoirí an t-ábhar agus an ghaeilge a chun chun cinn taobh amuigh den rang.

  b. Cleachtais teanga taobh amuigh den rang sa chlós agus ag imeachtaí scoile.
- Tastálacha Droim Conradh a dhéanamh agus comparáidí a dhéanamh.
- Tuiscint a bheith ag an páirtnéirí oideachais ar fad go bhfuil an solúbthacht ann gnéithe den Phlean a athrú nuair is gá.

Meastóireacht:

- Fócas- ghrúpa tuismitheoirí, scoláirí & múinteoirí a thabhairt le chéile agus a dtuairimí a lorg i dtaobh éifeacht an phlean ag deireadh an phlean reatha.
- Torthaí scrúdaithe tí & stáit a iniúchadh go bliantúil. Na sonraí agus torthaí bonnlíne a chur i gcomparáid leis an bhliain roimhe sin.
- Aird ar leith a thabhairt ar sonraí bonnline na tástálacha Droim Conradh agus na torthaí teangan a thagann isteach óna bunscoileanna.
- Bileoga aischothú deireadh bliana .
- Suirbhé scoláirí a athdhéanamh agus na torthaí a chuir i gcomparáid leis an tús –shuirbhé, i lár agus ag deireadh an phlean reatha.
- Suirbhé múinteoirí a athdhéanamh agus na torthaí a chuir i gcomparáid leis an tús –shuirbhé, i lár agus ag deireadh an phlean reatha.
- Roimh dheireadh an scoilbhliain 2017/18 maraon le tús treimhse feidhme an phlean agus ag ocaidí meastóireacht/monatóireacht an phlean, beidh na ceisteanna seo a leanas mar bunchloch na fócáis:
  1. An bhfuil muidne mar scoil sásta go bhfuil na spriocanna agus na gníomhartha sa phlean soiléir, intomhaiste agus réalaíoch?
  2. An bhfuil sé soiléir do chuile ball den fhoireann scoile céard iad na céimeanna atá le tógáil chun ardcáilíocht foghlama agus teagaisc trí Ghaeilge a bhaint amach?
  3. An bhfuil níos mó gaeilge a labhairt i gclós na scoile?

Le gach dea-mhéin,

_____	_____	_____
Príoimhoide an Choláiste	Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta	Ball de Choiste Pleanáil teanga Chonamara Láir

Dáta:29/01/18

Aguisín 1

Achoimre ar shuirbhé dhaltaí Choláiste na bPiarsach mar chuid de phleanáil teanga Chonamara láir

- Ghlac 81 dalta páirt sa suirbhé ina iomláine agus bhí an coibhneas buachaillí agus cailíní beagnach ar chóimhéid. Bhí aoiseanna na ndaltaí idir 12-18 bliain d'aois.

- Bhí 85% de na daltaí a d'fhreagair lonnaithe i gceantair poist éagsúla i gConamara Láir. Dúirt 67.90% de na daltaí nár chónaigh siad in aon áit eile roimhe seo.

- Léirigh an suirbhé gur as Gaeltacht Chonamara 80% de thuismitheoirí na ndaltaí agus is as Sasana/Meiriceá den chuid is mó de líon beag tuismitheoirí na ndaltaí eile. Dar le daltaí na scoile, is cainteoirí dúchasacha Gaeilge iad 70% de thuismitheoirí na ndaltaí.

- Bhí 7% de na tuismitheoirí gan aon Ghaeilge . Thug 38.75% (31dalta) as iomlán na ndaltaí a ghlac páirt sa suirbhé le fios gur le Gaeilge amháin a tógadh iad féin. Bhí 36.25%(29 dalta) a dúirt gur le Gaeilge den chuid is mó a tógadh iad agus bhí 22.50%(18 dalta) a dúirt gur béarla den chuid is mó. Thug 2.50%(beirt dhaltaí) le fios gur le béarla amháin a tógadh iad.

- Bhraith 70% de dhaltaí na scoile go raibh siad ag leibhéal an chainteora dúchais Gaeilge, bhí 20% a bhraith gur cainteoirí maithe Gaeilge a bhí iontu agus bhí 7% den tuairim go raibh Gaeilge mheasartha/beagán Gaeilge acu. Bhí an céadatán is mó daltaí den tuairim gur óna dtuismitheoirí a fuaireadar a gcuid Gaeilge, ach bhraith leath den ghrúpa go raibh tionchar mór ag a gcuid seanmhuintir maraon leis an scoil, gaolta agus líon beag de dhaoine eile sa phobal ar a gcumas sa Ghaeilge chomh maith.

- Thug na daltaí léargas ar a gcumas tuisceana, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta sa Ghaeilge chomh maith leis an mbéarla. Léirigh na céadatáin sa cholún a bhraith go raibh siad an-mhaith go raibh cumas tuisceana/labhartha níos fearr acu ná mar a bhí sa léitheoireacht agus i scríbhneoireacht na Gaeilge. Níor léiríodh go raibh aon dalta gan tuiscint éigin a bheith acu ar an nGaeilge sa scoil.

- Díríodh ar na léibhéil deacrachta a bhíonn ag daltaí le fuaimeanna, litriú, gramadach, comhrá a leanúint, focail chearta a aimsiú d'ábhair scoile, chomh maith le léitheoireacht agus rinneadh comparáid idir na cumais éagsúla sa Ghaeilge agus sa bhéarla. Thug an suirbhé le fios, nach mbíonn aon deacracht le **fuaimeanna na Gaeilge** ag formhór na ndaltaí, ach go bhfuil sciar bheag a mbíonn roinnt deacrachta acu.

- Ní raibh na daltaí ar aon intinn faoin **litriú agus an ghramadach**. Léirigh an suirbhé go raibh beagnach leath den ghrúpa den tuairim nach mbíonn aon deacracht acu leis an litriú ná an ghramadach, ach léirigh an chuid eile den ghrúpa go mbíonn roinnt deacrachta acu agus céadatán beag a mbíonn a lán deacrachta acu.

- Bhí formhór na ndaltaí nach raibh aon deacracht acu le **comhrá Gaeilge** a leanúint, na focail chearta a aimsiú dá n-ábhair agus i léitheoireacht na Gaeilge. Bhí mionlach beag a raibh roinnt deacrachta acu agus b'iad na focail chearta a aimsiú d'ábhair scoile is mó a léirigh deacrachta dóibh. Nuair a rinneadh comparáid idir **cumas comhrá na ndaltaí i nGaeilge agus i mbéarla**, bhí os cionn leath den ghrúpa a bhí in ann comhrá maith a choinneáil sa dá theanga. Bhí 20% a bhí den tuairim gur b'fhearr leo comhrá a bheith acu i mbéarla agus 20% a bhí níos compordaí le comhrá i nGaeilge ná i mbéarla.

- Dhírigh an suirbhé ar na **léibhéil éagsúla deacrachta a bhíonn ag daltaí ábhair ar leith a phlé i nGaeilge agus i mbéarla**. Bhí idir cúrsaí popcheoil, spóirt, cluichí & cúrsaí ríomhaireachta, obair scoile agus an saol sóisialta á bhfiosrú sa suirbhé. Thaispeáin an suirbhé nach raibh aon deacracht ag tromlach na ndaltaí ag plé na n-ábhar éagsúla i nGaeilge.

- **De réir na gcéadatáin, cuireann an suirbhé in iúl go bhfuil na daltaí níos cumasaí ag láimhseáil na n-ábhar éagsúla i mbéarla ná mar atá i nGaeilge.**

- Thuairisc tromlach na ndaltaí gurb í an Ghaeilge an príomhtheanga a bhíonn in úsáid acu ag an scoil, ag imeachtaí spóirt scoile/eile, i dteach féin sa bhaile agus i mbaile/sráidbhaile féin.

- Feictear gur lena gcairde tar éis na scoile, ag imeachtaí sóisialta agus i dtithe cairde a thagann laghdú ar líon na gcainteoirí Gaeilge sna suíomhanna áirithe sin. Is san suíomh scoile agus ag imeachtaí spóirt scoile is lú a thuairiscítear labhairt an bhéarla i measc na ndaltaí a dúirt gurb é an béarla a labhraíonn siad i gcónaí.

- Déanann formhór na ndaltaí an leagan dá gcuid ainmneacha agus seolta baile a úsáid i nGaeilge, cé is moite go bhfuil céadatán ar leith a úsáideann an leagan béarla i gcónaí/anois is arís.

- Is sna colúin le téacsanna fón póca, ríomhphoist a sheoladh agus scríobh ar na meáin shóisialta is lú a fheictear úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí. Cé go ndúirt 90% de na daltaí go raibh Gaeilge líofa/Gaeilge mhaith acu, dúirt a bhformhór go labhraíonn said béarla le daoine go bhfuil Gaeilge mhaith/líofa acu.

- Is é Radió na Gaeltachta agus TG4 na príomh-mhodhanna siamsaíochta/eolais a thuairiscíonn na daltaí a éistíonn agus a fhéachann aon duine ina dteach air go minic. Bhí níos mó tóir ar na nuachtáin bhéarla ná mar a bhí ar na nuachtáin Ghaeilge a bhíonn ar fáil ar líne den chuid is mó. Bhí an rud céanna amhlaidh leis na leabhair bhéarla a léamh i gcomparáid leis na leabhair Ghaeilge.

- Bhí tromlach de dhaltaí na scoile seo (iar-bhunscoil) den tuairim gur trí Ghaeilge/Gaeilge den chuid is mó a mhúintear na hábhair sa scoil, gan an t-ábhar Gaeilge sa áireamh agus céadatán beag a bhraith gur trí mheascán Gaeilge/béarla a bhíonn na hábhair á múineadh. Níor léirigh aon dalta gur trí bhéarla den chuid is mó/béarla amháin a bhí aon ábhar á mhúineadh.

- D'aontaigh mórchuid na ndaltaí gur chóir na hábhair éagsúla a mhúineadh trí Ghaeilge, ach b'iad na hábhair Eolaíochta, an mhatamaitic, staidéar gnó agus an ceol a heas-aontú/heas-aontú go mór leo i dtaobh iad a mhúineadh trí Ghaeilge amháin.

- Bhí an chuid is mó daltaí den tuairim go spreagann an iar-bhunscoil iad le níos mó Gaeilge a labhairt. Aontaíonn siad go mór go bhfuil ethos/atmaisféar láidir Gaeltachta sa scoil seo. Tá leath de na rannpháirtithe a bhraith go labhraíonn siad níos mó Gaeilge ar scoil ná a dhéanfadh sa bhaile.

- Braitheann formhór na ndaltaí go bhfuil téacsleabhair Ghaeilge oiriúnacha do na cúrsaí atá i gceist. Léirigh roinnt mhaith daltaí chomh maith gur b'fhearr leo a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge ná leabhair bhéarla, ach **bhí céadatán réasúnta ard a d'fhreagair gur chuma leo cibé teanga Gaeilge nó béarla a bheadh siad.**

- Thug móramh na daltaí le fios gurb í an Ghaeilge a labhraíonn siad le múinteoirí sa rang/taobh amuigh sa chlós, ag caint le cairde agus múinteoir i láthair, ach **feictear laghdú ansin, nuair nach bhfuil féitheoireacht á dhéanamh orthu ag múinteoir.** Is san seomra ranga ag caint le cairde, amuigh sa chlós gan múinteoir i láthair agus ag imeachtaí scoile is mó a fheictear níos mó béarla ná Gaeilge/béarla den chuid is mó/béarla i gcónaí ag teacht chun cinn i measc na ndaltaí sna comhthéacsanna sin.

- Tá mórchuid na ndaltaí i bhfabhar na Gaeilge agus tá céadatán beag gur cuma leo fúithi. Feiceann leath na ndaltaí na deiseanna fostaíochta a bhaineann léi, an tábhacht a bheith dílis d'oidhreacht teanga a dteaglaigh/gceantair, tábhachtach d'eacnamaíocht na Gaeltachta agus léiríonn siad tábhacht pearsanta inti dóibh féin.

- Léirigh tromlach na ndaltaí míshástacht mura mbeadh stádas Gaeltachta ag a gceantar a thuilleadh. Theastaigh uathu go mbeadh na heagraíochtaí Gaeltachta, na méain chumarsáide agus oideachas trí Ghaeilge ar fáil ina gceantar féin agus ní bheadh siad sásta dá mba bhéarla amháin a bheadh á labhairt sa Ghaeltacht amach anseo. Tá an chuid is mó de na daltaí den tuairim go mbeidh stádas na Gaeilge mar a chéile i gceann 20 bliain eile. Bheadh mórchuid na daltaí sásta Gaeilge a labhairt le gach aon duine a bhfuil Gaeilge acu ar mhaithe le cinntiú go bhfanfadh an ceantar Gaeltachta a bhfuil cónaí orthu ann sa Ghaeltacht.

- Bheadh sé i gceist ag móramh na ndaltaí a gcuid gasúir a thógáil le Gaeilge amach anseo, seachas an mionlach beag a dúirt nach mbeadh. Tháinig roinnt tuairimí chun cinn ag deireadh an tsuirbhé maidir leis an nGaeltacht ag a ndúirt dalta amháin go bhfuil atmaisféar/ceangal pearsanta acu leis an nGaeltacht agus go n-aireodh siad go mbeadh folúntas mór ina gcroí, dá mbeadh orthu a gceantar a fhágáil. Tá mórtas ag baint leis an nGaeilge do dhalta eile. Luann daltaí easpa siopaí, bialanna agus áiseanna don óige m.s club óige/sacair easnamhach sa cheantar.